

# Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## **Tuairisc ar Dhul Chun Cinn i dtaca leis an Polasaí Oideachais Gaeltachta. Nollaig 2017.**

---

Is eagraíocht náisiúnta í Gaeloideachas a chuireann tacaíocht ar fáil do na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, Aonaid agus sruthanna san áireamh. I gcomhthéacs an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, feiceann Gaeloideachas a ról mar ghuth neamhspleách do na scoileanna Gaeltachta, dóibh siúd a chuir isteach ar an Scéim Aitheantais agus dóibh siúd nár chuir agus a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, nó a dteastaíonn uathu feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

### **1. Tacaíocht do Scoileanna nár Chláraigh don Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta**

Tá **Suirbhé** scaipthe ar na scoileanna nár chláraigh chun críche tuiscint na heagraíochta a mhéadú ar na fáthanna nár chuir na scoileanna isteach ar an Scéim. Ina measc fiosraítear an bhfuil i gceist acu clárú agus cé na tacaíochtaí a bheadh ag teastáil chun an pointe sin a bhaint amach, mar shampla cruinnithe eolais agus sainchomhairle ar an gcóras tumoideachais.

Tá Gaeloideachas ag obair i bpáirt leis na ceanneagraíochtaí Pleanála Teanga, agus mar chéad chéim tá sí ag obair le **Gaeilge Iorrais**, an Cheanneagraíocht Pleanála Teanga i Maigh Eo Thuaidh chun cumarsáid a chothú leis na pobail scoile sa cheantar sin nár chuir isteach ar an Scéim Aitheantais Gaeltachta. Nuair a bheidh aiseolas ón suirbhé ann, beidh cruinniú á eagrú againn i LPT Iorrais. Bheadh i gceist plé leis na LPT agus na ceanneagraíochtaí eile ar an gcaoi céanna, a oiread agus is féidir.

### **2. Tacaíocht do Scoileanna a chuir isteach ar an Scéim**

Tá Gaeloideachas ag tacú le scoileanna a chláraigh leis an Scéim trí cheisteanna a fhreagairt, freastal ar imeachtaí COGG agus a bheith ar fáil go ginearálta mar chúnamh do scoileanna.

### **3. Na hAonaid lán-Ghaeilge**

Tá comhairle lorgtha ag roinnt Iar-bhunscoileanna i gceantair imeallacha Gaeltachta agus a fheidhmíonn den chuid is mó trí mheán an Bhéarla ó Gaeloideachas, i dtaobh **Aonaid Gaeltachta** a bhunú ina gcuid scoileanna faoina gcuid Pleananna Gníomhaíochta Scoile don Pholasaí don Oideachais Gaeltachta. Tá na hIarbhunscoileanna seo ag féachaint le hAonaid a bhunú faoi threoir an ailt ar lth 18 den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta mar thúschéim i dtreo scoil neamhspleách.

Tá géarghá le polasaí ag leibhéal na Roinne d'fhorbairt na nAonad lán-Ghaeilge. Baineann sé seo leis na hAonaid uile sa tír, Gaeltacht san áireamh. Tá géarghá le soiléiriú faoin bpróiseas agus faoi sheasamh agus tacaíocht na Roinne ina leith, mar aon le treoir shoiléir a bheith ag na pátrúin agus na hiontaobhaithe maidir le dea-chleachtas agus dearbhú caighdeán san earnáil chomh maith le mapa bóthair soiléir a bheith ann do na céimeanna agus na critéir chun neamhspleáchas a bhaint amach.

Cé go bhfuil ceist na nAonad ag fáil aitheantais agus aird Oifigigh Sinsearach na Roinne, tá go leor saincheisteanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn práinne, ar a n-áirítear:-

- **Níl soláthar caighdeánach ann** i measc aonaid bunaithe cheana. Níl tacaíochtaí ná cosaint ann leis an soláthar a chaomhnú nó a fhorbairt agus tá an cur chuige uile ag brath ar thoilteanas, acmhainneacht agus meon *phríomhoide* na príomhscoile seachas ar aon pholasaí stáit ina leith.
- Níl aon **critéir nó meicníocht** sainithe a cheadóidh d'Aonaid forbairt ina scoil neamhspleách, sé sin chun scarúint ón phríomhscoil (ceist phráinneach do roinnt Aonaid faoi láthair lasmuigh den Ghaeltacht agus a bheidh amhlaidh do chinn eile de réir mar a fhorbraíonn siad).
- Tá **constaic roimh fheidhmiú iomlán an tumoideachais** de bharr nach bhfuil ar chumas na nAonad soláthar iomlán ábhair a dhéanamh trí Ghaeilge de bharr ganntanais mhúinteoirí, cáilithe san ábhar agus inniúil sa teanga. Is fadhb í seo ach go háirithe d'Aonaid nua bhunaithe nach bhfuil ag fáil tacaíocht bhreise foirne ón ROS. Sa chomhthéacs seo, moltar féidearthachtaí i dtaca leis an scéim phíolótach d'iarbhunscoileanna a chíoradh chun críche soláthar réimse ábhar níos fearr agus ar chaighdeán ard.
- Tá géarchéim soláthar mhúinteoirí ann sna scoileanna lán-Ghaeilge, agus níos géire arís sna hAonaid, áit a bhfuil cúinsí agus tacaíochtaí do mhúinteoirí níos lú fabhrach ná i scoileanna eile. Moltar an liúntas don teagasc trí Ghaeilge/Liúntas Gaeltachta a thabhairt ar ais chun críche tacú le forbairt an Aonaid nó beidh dúshlán leanúnach le **hearcaíocht agus coinneáil foirne**.
- **Cóiríocht agus timpeallacht mí-oiriúnach**, gan scarúint cheart idir an dá 'scoil' nó tearmann teanga slán don Aonad. Tá gá an chóiríocht a bheith in oiriúint chun tacú le sainriachtanais sealbhaithe agus forbartha teanga trí chinntiú go bhfuil spás ag na daltaí an teanga a úsáid go sóisialta i dtimpeallacht imfhálaithe.
- **Saincheisteanna rialachais**, a choscann ar neamhspleáchas agus feidhmiú éifeachtach an Aonaid.

Molann Gaeloideachas, thar ceann na nAonad, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht go mbunófaí Grúpa Comhairleach a bheadh mar aidhm aige Polasaí na nAonad lán-Ghaeilge a fhorbairt i gcomhair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

### **Tacaíocht Ghinearálta**

Tá **leabhráin** dár teideal **Tumoideachas sa Bhunscoil Ghaeltachta: Eolas do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí** foilsithe ag Gaeloideachas. Tá leagan Gaeilge agus leagan Gaeilge/Béarla foilsithe den cheann bunscoile (ceann iar-bhunscoile ag teacht go luath). Tugtar freagraí ar shraith de cheisteanna coitianta faoin Tumoideachas agus liostaítear chomh maith na buntáistí a chuireann an Tumoideachas ar fáil do na daltaí, don scoil agus don Ghaeltacht. Táthar chun na leabhráin seo a scaipeadh go forleathan ar na scoileanna Gaeltachta.

D'éagraigh Gaeloideachas a **Tionól Forbartha**, i bpáirt le COGG sa Mhuileann gCearr ar an 24 Samhain, ar a d'fhreastail os cionn 300 toscarire. Faoin téama *Cothrom na Féinne*, téama a bhí tráthúil i bhfianaise An Polasaí don Oideachas Gaeltachta a bheith bliain foilsithe, cuireadh clár uileghabhálach FGL ar fáil do mhúinteoirí scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus rinneadh ceiliúradh poiblí ar ardchaighdeán an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Sheol Gaeloideachas an uirlis ***I dTreo Barr Feabhais – Uirlis mheasúnaithe féinmheastóireachta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann*** leis na húdair T. J. Ó Ceallaigh agus Aoife Ní Shéaghdha ag Tionól Forbartha na bliana seo. Eascraíonn sé as an taighde nua leis na húdair chéanna dar teideal: *Critéir Aitheantais cuí um dhearbhu cáilíochta agus deachleachtais do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann*. Cuideoidh an uirlis seo le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta measúnú criticiúil a dhéanamh ar cháilíocht ghnéithe an tsoláthair ina scoil féin. Chomh maith le tacú leo an plean gnímh a fhorbairt agus a mheas.

Chuir Gaeloideachas aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste Oideachais maidir leis na **dúshláin a bhaineann le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar na hoileáin**. Rinneadh comhairliúchán leis na scoileanna lena mbaineann ina leith agus bunaíodh aighneacht ar an aiseolas. Tá Gaeloideachas ag dul os chomhair an Chomhchoiste ar an 19 Nollaig le díospóireacht a dhéanamh ar an gceist. Molann Gaeloideachas polasaí ar leith stáit d'fhorbairt i dtreo inmharthanachta scoileanna oileánda.